AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.5.2020
COM(2020) 214 final

2020/0088 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar i leith na dtásc geografach agus a gcosaint

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá an beartas chun cosaint na dtásc geografach atá ann cheana a chur chun cinn agus a leathnú ar an leibhéal idirnáisiúnta ar cheann de na straitéisí tosaíochta chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na trádála idirnáisiúnta i dtáirgí talmhaíochta. Mar gheall air sin, ba cheart go mbeifí in ann beartas cáilíochta an Aontais Eorpaigh a threisiú, cleachtais mheabhlacha a chomhrac agus úsáid éagórach na dtásc geografach a chosc. Cuideoidh sé le luach breise a chur le honnmhairí talmhaíochta an Aontais agus beidh geilleagar an Aontais níos iomaíche dá bharr.

Is í an tSín an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag an Aontas agus is é an tAontas an comhpháirtí trádála is mó atá ag an tSín. Déanann an tSín agus an Eoraip trádáil is fiú níos mó ná EUR 1 billiún, ar an meán, in aghaidh an lae. Is gné thábhachtach den ghaol sin an trádáil agraibhia agus is léir go bhfuil sé dearfach don Aontas cothromaíocht a bhaint amach ann idir an tAontas agus an tSín. In 2018, thuairiscigh an tAontas barrachas trádála EUR 5,4 billiún leis an tSín san earnáil sin. Ba í an tSín an dara ceann scríbe onnmhairithe is mó a bhí ag an Aontas (EUR 11 billiún) agus bhí sí sa tríú háit maidir le allmhairithe an Aontais (EUR 5,6 billiún). Tá na figiúirí sin le feiceáil i gcomhthéacs easnamh trádála iomlán an Aontais le haghaidh earraí leis an tSín de EUR 184,9 billiún in 2018 (EUR 209,9 billiún in onnmhairí agus EUR 394,8 in allmhairí).

An fhorbairt atá ag teacht ar mheánaicme na Síne, ar cheart dó 500 milliún a bhaint amach sna trí bliana atá le teacht, tá sé ag cur borradh faoin éileamh ar tháirgí cáilíochta agus ar thásca geografacha Eorpacha dá réir sin. De réir staidéir a choimisiúnaigh DG AGRI in 2013[1], díoltar táirge táisc gheografaigh ar dhá oiread an phraghas, ar an meán, le hais táirge atá comhchosúil ach nach bhfuil tásc geografach ag baint leis. Rachaidh an comhaontú chun sochair do tháirgeoirí Eorpacha, dá bhrí sin, agus ba cheart dó borradh a chur faoi cheantair thuaithe ina ndéantar na táirgí sin.

Is céim eile atá sa chomhaontú sin i dtreo aithint iomlán na dtásc geografach agus a thábhachtaí atá sé iad a chosaint, nós imeachta arb é an tAontas a threoraigh é trí chomhaontuithe saorthrádála arna síniú ag an Aontas le blianta beaga anuas.

Sa bhreis ar na sochair eacnamaíocha, garsprioc a bheidh sa chomhaontú inár gcaidreamh leis an tSín mar beidh sé ar an gcéad chomhaontú trádála déthaobhach a shíneofar idir an tAontas agus an tSín. Ina theannta sin, comhartha is ea é don saol ar thiomantas an dá pháirtí do chaidreamh trádála níos doimhne agus siombail is ea é go bhfuil oscailteacht eadrainn agus go bhfuilimid araon ag cloí le rialacha idirnáisiúnta mar bhonn le caidreamh trádála.

An 10 Meán Fómhair 2010, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur le caibidlíochtaí[2] ar chomhaontú leis an tSín chun an leibhéal is airde cosanta is féidir a fháil le haghaidh na dtásc geografach a thagann laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe chun ionstraimí a sholáthar le cleachtais mheabhlacha agus úsáidí éagóracha na dtásc geografach a chomhrac.

Bunaithe ar na treoracha caibidlíochta sin, rinne an Coimisiún comhaontú uaillmhianach agus cuimsitheach le Daon-Phoblacht na Síne maidir le comhar agus cosaint na dtásc geografach.

---

[1] "Luach táirgthe na dtáirgí talmhaíochta agus earraí bia, fíonta, fíonta cumhraithe agus biotáillí arna gcosaint ag tásc geografach (GI)": https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/32b62342-b151-4bf3-8ba8-18568f37f43b

[2] Doiciméad 13325/10 : https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13325-2010-INIT/en/pdf

Tá na tograí seo a leanas á gcur chun tosaigh ag an gCoimisiún le haghaidh cinntí ón gComhairle:

– Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar maidir leis na tásca geografacha agus maidir lena gcosaint;

– Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le foirceannadh an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar maidir leis na tásca geografacha agus maidir lena gcosaint.

Is é atá sa togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle ionstraim dlí lena sínítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar maidir leis na táisc gheografacha agus maidir lena gcosaint.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ag teacht le straitéis fhoriomlán an Aontais chun tásca geografacha an Aontais a chur chun cinn. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh leibhéal ard cosanta a sholáthar, ag leibhéal Airteagal 23 TRIPS+ ar a laghad, do liosta tásc geografach i nDaon-Phoblacht na Síne agus do thásca geografacha Síneacha san Aontas. Tabharfaidh an tionscnamh buntáiste iomaíoch do tháirgeoirí táirgí a bhfuil tásca geografacha orthu.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá tabhairt i gcrích an chomhaontaithe dhéthaobhaigh leis an tSín maidir le tásca geografacha i gcomhréir le gníomhartha seachtracha an Aontais agus go háirithe le cuspóirí an Aontais i dtaca le straitéis an Aontais chun an beartas maidir le tásc geografach a chur chun cinn.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an Comhaontú idir an tAontas agus an tSín maidir le tásca geografacha le síniú ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 218(5) CFAE agus arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 207(3) agus ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 207(4), in éineacht le 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, mar a chuirtear é i láthair don Chomhairle, ní chumhdaítear leis aon ábhar atá lasmuigh d'inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá an Comhaontú sin i gcomhréir le fís na straitéise Eoraip 2020 agus tá sé ina chuidiú chun aidhmeanna trádála agus forbartha an Aontais a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an tionscnamh sin i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí i dtaca le comhaontuithe idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dhlíthiúil eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun cuspóir an togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra aon difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar díreach ag an gComhaontú ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar maidir le tásca geografacha agus a gcosaint, cuimsítear ann forálacha institiúideacha lena bhforáiltear Comhchoiste a bhfuil sé mar aidhm aige faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus comhar agus idirphlé maidir le tásca geografacha a threisiú.

Ina theannta sin, féachfaidh an Comhchoiste le feidhmiú ceart an Chomhaontaithe seo a chinntiú agus féadfaidh sé aon ábhar a bhaineann lena chur chun feidhme agus lena oibriú a mheas.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Bunaítear leis an gcomhaontú idir an tAontas agus an tSín maidir le tásca geografacha na coinníollacha le haghaidh leibhéal ard cosanta ar mhargadh na Síne le haghaidh na dtásc geografach molta.

I gcomhréir leis na cuspóirí a shocraíonn na treoracha caibidlíochta, dhaingnigh an Coimisiún, i measc ábhar eile:

– Leibhéal cosanta TRIPS-plus ar thásca geografacha an Aontais tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe lena soláthraítear cosaint in aghaidh aistriúcháin, trasrsíbh nó traslitriú, agus in aghaidh úsáid na dtásc geografach thuas agus nathanna amhail “cineál”, “sórt”, “stíl”, “aithris” nó a leithéid i leith táirge neamhthionscnaimh;

– Cosaint 175 thásc gheografacha bhreise laistigh de cheithre bliana ón teacht i bhfeidhm agus sásra chun tuilleadh tásc geografach a chur leis ina dhiaidh sin;

– Beidh na tásca geografacha ann san am céanna leis na trádmharcanna dlisteanacha a bhí ann níos luaithe, ar le húinéirí dlisteanacha na hEorpa a bhformhór mór.

2020/0088 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar i leith na dtásc geografach agus a gcosaint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Meán Fómhair 2010, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún chun tús a chur le caibidlíochtaí le rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne le haghaidh Comhaontú maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus a gcosaint. Tugadh na caibidlíochtaí i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú.

(2) Féachann an comhaontú beartaithe leis an leibhéal is airde cosanta is féidir a fháil le haghaidh na dtásc geografach agus ionstraimí a sholáthar chun cosc a chur ar chleachtais mheabhlacha agus ar úsáid éagórach na dtásc geografach

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar maidir le tásca geografacha agus maidir lena gcosaint, a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe atá le síniú i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Chomhaontaithe, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine a shonróidh idirbheartaí an Chomhaontaithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán